BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

23 Márta 2023 *

(Tarchur chun réamhrialú – An margadh inmheánach – Comhchuibhiú na reachtaíochta náisiúnta maidir le hinnealra, trealamh leictreach agus brú-threalamh – Treoir 2006/42/CE – Treoir 2014/35/AE – Treoir 2014/68/AE – "Marcáil CE" – Ceanglais bhreise a fhorchur le rialacháin náisiúnta ar na buncheanglais sábháilteachta dá bhforáiltear leis na treoracha sin – Coinníollacha – Rialacháin slándála náisiúnta chun dul i ngleic leis na rioscaí dóiteáin agus scaoll i ngnólachtaí atá ar oscailt don phobal)

I gCás C-653/21,

Iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Conseil d'État (an Fhrainc), trí bhreith an 16 Iúil 2021, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 27 Deireadh Fómhair 2021, sna himeachtaí idir

Syndicat Uniclima

v

Ministre de l'Intérieur,

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an tOchtú Dlísheomra),

comhdhéanta de M. Safjan, Uachtarán an Dlísheomra, N. Piçarra (Rapóirtéir) agus N. Jääskinen, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Syndicat Uniclima, ag A. Le Mière, avocat,

– Rialtas na Fraince, ag A.-L. Desjonquères agus N. Vincent, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Ondrůšek, E. Sanfrutos Cano agus F. Thiran, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

ag féachaint don chinneadh arna ghlacadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO 2006 L 157, lch. 24), Airteagal 2(14) agus Airteagal 4 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO 2014 L 96, lch. 357), d'Airteagal 2(31) agus d'Airteagal 3(2) de Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO 2014 L 189, lch. 164) agus de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO 2014 L 150, lch. 195).

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir an syndicat Uniclima agus an Ministre de l'Intérieur (an tAire Gnóthaí Baile, an Fhrainc) maidir le dlíthiúlacht ordú an 10 Bealtaine 2019 lena leasaítear ordú an 25 Meitheamh 1980 lena bhformheastar rialacháin ghinearálta sábháilteachta chun dul i ngleic le rioscaí dóiteáin agus scaoll i ngnólachtaí atá ar oscailt don phobal (ERP) (JORF an 17 Bealtaine 2019, téacs Uimh. 20.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Rialachán Uimh. 517/2014

3 De réir Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 517/2014:

"Is é is cuspóir don Rialachán seo an comhshaol a chosaint trí astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a laghdú. Dá réir sin, leis an Rialachán seo:

(a) bunaítear na rialacha maidir le srianadh, úsáid, aisghabháil agus scriosadh gás ceaptha teasa fluairínithe, agus bearta coimhdeacha gaolmhara;

(b) forchuirtear coinníollacha maidir le táirgí sonracha agus trealamh sonrach a chur ar an margadh, ar táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe;

(c) forchuirtear coinníollacha maidir le húsáidí sonracha gás ceaptha teasa fluairínithe; agus

(d) bunaítear teorainneacha cainníochtúla maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh."

Treoir 2014/68

4 De réir aithrisí 37 agus 62 de Threoir 2014/68:

" (37) Ba cheart, mar riail ghinearálta, an mharcáil CE a bheith ar bhrú-threalamh agus ar chóimeálacha [...] lena dtugtar le fios comhréireacht an bhrú-threalaimh nó na gcóimeálacha, an toradh infheicthe ar phróiseas iomlán a chuimsíonn measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. [...] Ba cheart rialacha lena rialófaí greamú mharcáil CE a leagan síos sa Treoir seo.

[...]

(62) […] [is é] cuspóir na Treorach seo, [...] a áirithiú go gcomhlíonann an brú-threalamh nó na cóimeálacha atá ar an margadh na ceanglais lena dtugtar ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta daoine agus cosanta ainmhithe clóis nó maoine agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á ráthú ag an am céanna [...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin:

"1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le dearadh agus monarú brú-threalaimh agus cóimeálacha ag a bhfuil uasbhrú incheadaithe (PS) is mó ná 0.5 bar agus maidir le measúnú comhréireachta an bhrú-threalaimh agus na gcóimeálacha sin.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le:

[...]

(f) trealaimh [...] a chumhdaítear le ceann amháin de na Treoracha seo a leanas:
(i) Treoir 2006/42 […]

[...]
(iii) Treoir 2014/35 […]

[...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin:

"Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(6) ciallaíonn 'cóimeálacha' roinnt píosaí de bhrú-threalamh arna gcóimeáil ag monaróir chun aonad iomlán comhtháite feidhmiúil a dhéanamh astu;

[...]

(15) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ aon soláthar de bhrú-threalamh nó de chóimeálacha lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais [Eorpaigh] le linn gníomhaíocht tráchtála, ar íocaíocht nó saor in aisce;

[...]

(17) ciallaíonn ‘cur i seirbhís’ an chéad úsáid a bhaineann úsáideoir as brú-threalamh nó as cóimeáil;

[...]

31) ciallaíonn ‘marcáil CE’ marcáil lena léiríonn an monaróir go bhfuil an brú-threalamh nó an chóimeáil i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú lena ndéantar foráil maidir lena ghreamú;

[...]”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear in Airteagal 3(1) agus (2) den Treoir sin, dar teideal “Cur ar fáil ar an margadh agus cur i seirbhís” mar a leanas:

“1. Déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí chun a áirithiú nach bhféadfar brú-threalamh agus cóimeálacha a chur ar fáil ar an margadh ná a chur i seirbhís ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais na Treorach seo agus iad suiteáilte agus á gcothabháil i gceart agus á n-úsáid chun na gcríoch dá bhfuil siad beartaithe.

2. Ní bheidh tionchar ag an Treoir seo ar theidlíocht na mBallstát ceanglais den sórt sin a leagan síos mar a mheasann siad a bheith riachtanach d’fhonn a áirithiú go bhfuil daoine agus, go háirithe, oibrithe á gcosaint agus an brú-threalamh nó an chóimeáil i dtrácht in úsáid acu, ar an gcoinníoll nach gciallódh sin go modhnófaí an brú-threalamh nó an chóimeáil sin ar bhealach nach bhfuil sonraithe sa Treoir seo.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear sa chéad fhomhír d’Airteagal 5(1) de Threoir 2014/68:

“Ní dhéanfaidh na Ballstáit, ar bhun na rioscaí de dheasca brú, toirmeasc, srian ná bac a chur ar bhrú-threalamh nó cóimeálacha a chomhlíonann an Treoir seo a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, faoi na coinníollacha arna sonrú ag an monaróir”.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear in Airteagal 40 den Treoir sin, “Nós imeachta chun déileáil ar an leibhéal náisiúnta le brú-threalamh nó cóimeálacha a bhfuil riosca i gceist leis nó leo”:

“1. I gcás ina mbeidh cúiseanna leordhóthanacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint gur baol do shláinte nó do shábháilteacht daoine, nó d’ainmhithe clóis nó do mhaoin é an brú-threalamh nó na cóimeálacha a chumhdaítear leis an

Treoir seo, déanfaidh siad meastóireacht ar an mbrú-threalamh nó an chóimeáil lena mbaineann i ndáil leis na ceanglais ábhartha uile a leagtar síos sa Treoir seo.

[...]

I gcás ina dtabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh faoi deara, le linn na meastóireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann an brú-threalamh nó an chóimeáil na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart cheartaitheach iomchuí a dhéanamh ionas go gcomhlíonfaidh an brú-threalamh nó an chóimeáil na ceanglais sin agus go ndéanfar an brú-threalamh nó an chóimeáil a aistarraingt ón margadh, nó a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnach ama, i gcomhréir le cineál an riosca, de réir mar a fhorordóidh siad.

[...]

4. I gcás nach nglacann an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha bearta ceartaitheacha leordhóthanacha laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, glacfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an mbrú-threalamh a chur ar fáil ar a margadh náisiúnta, chun an brú-threalamh a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm.

Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an Coimisiún [Eorpach] agus na Ballstáit eile ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na bearta sin.

[...]"

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 41(2) den Treoir sin, dar teideal "Nós imeachta coimirce an Aontais":

" I gcás ina measfar údar a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an trealamh nó an chóimeáil neamhchomhlíontach a aistarraingt ón margadh, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir. Má mheastar nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta, tarraingeoidh an Ballstát lena mbaineann siar an beart sin."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An dlí náisiúnta

11 In Airteagal CH 35 d'ordú an 25 Meitheamh 1980, lena bhformheastar forálacha ginearálta an rialacháin sábháilteachta i gcoinne riosca dóiteáin agus scaoll i ngnólachtaí atá ar oscailt don phobal (ERP) (JORF an 14 Lúnasa, 1980) maidir le trealamh nó suiteálacha ina n-úsáidtear cuisneáin, sa leagan a eascraíonn as ordú an 10 Bealtaine 2019 ("ordú an 25 Meitheamh 1980"), foráiltear sa chéad fhomhír de mhír 3, dar teideal "Forálacha is infheidhme maidir le cuisneáin inlasta a úsáid", nach mbeidh feidhm ag forálacha fhomhíreanna eile den mhír seo "maidir le trealamh atá séalaithe go heirméiteach ar a bhfuil marcáil CE".

12 Áirítear ar na forálacha sin na forálacha sin lena dtoirmisctear nascóirí in-díshuite a shuiteáil ar phíopaí lena n-iompraítear cuisneáin inlasta, ach amháin i gcás nascadh na n-aonad, iad siúd lena gceanglaítear cosaint na bpíopaí ar gach riosca a bhaineann le briseadh glan agus iad a shuiteáil ar

íosairde i ndáil leis an talamh, iad siúd lena gcuirtear teorainn le trastomhas inmheánach na bpíopaí a iompraíonn na cuisneáin sin ina bhfoirm leachtaithe, iad siúd lena gceanglaítear insliú teirmeach na n-aonad ina bhfuil siad le hábhair d'aicmí áirithe agus iad siúd lena sonraítear cainníocht an chuisneáin inlasta a fhéadfaidh scaipeadh laistigh de chiorcaid fuaraithe an trealaimh.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú

13 Iarrann Syndicat Uniclima, *inter alia*, ar an gcúirt a rinne an tarchur an chéad fhomhír d'Airteagal CH 35(3) d'ordú an 25 Meitheamh 1980, sa leagan a thagann as an ordú atá faoi chonspóid a neamhniú, á maíomh go bhfuil an coinníoll a fhorchuireann sí, eadhon nach mór na hinnealraí, na trealaimh nó na brú-threalaimh a bheith séalaithe go heirméiteach, is ceanglas breise é dóibh siúd dá bhforáiltear i dTreoir 2006/42, Treoir 2014/35 agus Treoir 2014/68, cé go bhfuil an mharcáil CE ar an trealamh sin agus, dá bhrí sin, go gcomhlíonann sé ceanglais na dtreoracha sin. Dá bhrí sin, bheadh coinníoll den sórt sin, chomh maith le sárú na dtreoracha sin, contrártha d'Airteagail 34 go 36 CFAE freisin.

14 De réir na cúirte a rinne an tarchur, leanann sé go háirithe ó Airteagal 2(31) agus ó Airteagal 3(2) de Threoir 2014/68, i gcás ina gcomhlíonann trealamh a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin na buncheanglais sábháilteachta a fhorordóidh sí, arna bhfianú le marcáil CE a ghreamú, go bhféadfaidh an trealamh sin gluaiseacht gan bhac ar mhargadh an Aontais.

15 Tugann an chúirt sin dá haire freisin, faoin gcéad fhomhír d'Airteagal CH 35(3) d'ordú an 25 Meitheamh 1980, sa leagan a thagann as an ordú atá faoi chonspóid, nach bhfuil feidhm ag na ceanglais sábháilteachta a bhfuil an fhoráil sin faoi réir úsáid a bhaint as cuisneán inlasta i dtrealamh atá suiteáilte i ngnólachtaí atá ar oscailt don phobal maidir le trealamh ar a bhfuil an mharcáil CE, ar choinníoll, áfach, go bhfuil an trealamh sin "séalaithe go heirméiteach".

16 Sna himthosca sin, chinn an Conseil d'État (an Fhrainc) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

"(1) An gceadaítear leis an gcomhchuibhiú a cheanglaítear le Treoracha [2006/42], [2014/35] agus [2014/68] do na Ballstáit ceanglais sábháilteachta a leagan síos don trealamh atá faoi réir na dtreoracha sin, agus más amhlaidh, cad iad na coinníollacha agus na teorainneacha, i gcás nach bhfuil aon mhodhnú ar threalamh i gceist leis na ceanglais sin, arna fhianú leis an 'marcáil CE' a ghreamú, i gcomhréir le ceanglais na dtreoracha sin?

(2) An gceadaítear leis an gcomhchuibhiú do na Ballstáit ceanglais sábháilteachta a leagan síos, chun an trealamh sin a úsáid in áitreabh atá oscailte don phobal agus i bhfianaise rioscaí sonracha don tsábháilteacht ó dhóiteán, agus chuige sin amháin, ar ceanglais iad a bhféadfadh modhnú a bheith i gceist leo ar trealamh é, arna fhianú leis an 'marcáil CE' a ghreamú, atá i gcomhréir le ceanglais na dtreoracha sin mar sin féin?

(3) Má thugtar freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, an féidir freagra dearfach a thabhairt mura bhfuil feidhm ag na ceanglais sábháilteachta atá i gceist ach amháin i gcás ina n-úsáideann an trealamh sin cuisneáin inlasta mar mhalairtí ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán Uimh. 517/2014 agus,

ina theannta sin, nach mbaineann sé ach le trealamh, cé go gcomhlíonann sé ceanglais na dtreoracha sin, nach dtugann cosaint do bheith séalaithe go heirméiteach, ag féachaint don riosca ó dhóiteán i gcás cuisneáin inlasta a úsáid?"

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

17 Baineann na ceisteanna a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur le léiriú ar Threoir 2006/42, ar Threoir 2014/35 agus ar Threoir 2014/68, ar glacadh iad go léir ar bhonn Airteagal 114 CFAE agus ina bhfuil forálacha coibhéiseacha atá ceaptha chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina ndéantar trealamh ar a bhfuil an mharcáil CE a chur ar fáil ar an margadh agus a chur i seirbhís, chun a áirithiú ní hamháin saorghluaiseacht an trealaimh sin laistigh den Aontas ach ardleibhéal cosanta freisin do shláinte agus do shábháilteacht daoine.

18 Is léir freisin ó Airteagal 1(2)(f), (i) agus (iii) de Threoir 2014/68 nach bhfuil feidhm charnach ag na trí threoir atá i gceist. Dá bhrí sin, i gcás ina gcumhdaítear trealamh le treoir atá dírithe go sonrach uirthi, níl feidhm ag na treoracha eile.

19 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a scrúdú i bhfianaise Threoir 2014/68, agus é á sonrú go bhfuil feidhm *mutatis mutandis* ag léiriú fhorálacha na Treorach sin maidir le forálacha comhfhreagracha Threoir 2006/42 agus Threoir 2014/35.

20 Trína ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá le hAirteagal 3(2) de Threoir 2014/68, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(31) agus leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de, a léiriú amhail go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear ar bhrú-threalamh agus ar chóimeálacha ina n-úsáidtear cuisneáin inlasta chun sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint ar rioscaí dóiteáin in áitreabh atá ar oscailt don phobal, ceanglais nach bhfuil i measc na gceanglas sábháilteachta a leagtar síos leis an Treoir sin, chun críocha an trealamh sin a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, cé go bhfuil marcáil CE ar an trealamh sin.

21 Faoi Airteagal 1(1) de, beidh feidhm ag Treoir 2014/68 maidir le dearadh agus monarú na brú-threalaimh agus cóimeálacha ag a bhfuil uasbhrú incheadaithe (PS) is mó ná 0.5 bar agus maidir le measúnú comhréireachta na brú-threalaimh agus na gcóimeálacha sin. Foráiltear le hAirteagal 3(1) de, go bunúsach, nach mór do na Ballstáit gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach bhféadfar brú-threalamh agus cóimeálacha a chur ar fáil ar an margadh ná a chur i seirbhís, de réir bhrí Airteagal 2(15) agus (17) den Treoir sin, ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos ann. Dá bhrí sin, leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin na "buncheanglais sábháilteachta" nach mór a chomhlíonadh.

22 Sonraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de Threoir 2014/68 nach bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás rioscaí de bharr brú, toirmeasc, srian nó bac ar bhrú-threalamh a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, faoi na coinníollacha arna socrú ag an monaróir, ar brú-threalamh é a chomhlíonann forálacha na Treorach sin agus ar a bhfuil an mharcáil CE ionas nach mbainfear an bonn den chuspóir na forálacha náisiúnta arna saothrú leis an Treoir sin a chomhchuibhiú, mar a leagtar amach in aithris 62 di (féach, maidir le Treoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Bealtaine 1997 maidir le comhfhogasú dlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh (IO 1997 L 181, lch. 1), a aisghaireadh le Treoir 2014/68, breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *DIMCO Dimovasili M.I.K.E.*, C-499/20, EU:C:2022:93, míreanna 22 agus 25).

23 De réir Airteagal 2(31) de Threoir 2014/68, arna léamh i bhfianaise aithris 37 di, ceadaítear leis an "marcáil CE" don mhonaróir a léiriú go bhfuil an brú-threalamh nó an chóimeáil i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú lena ndéantar foráil maidir lena ghreamú. Dá bhrí sin, dearbhaítear leis an marcáil sin comhréireacht an trealaimh agus na gcóimeálacha sin leis na ceanglais sin agus is toradh infheicthe é ar phróiseas domhanda lena n-áirítear measúnú comhréireachta sa chiall is leithne.

24 Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise a fhorchur, ar threalamh agus ar chóimeálacha ar a bhfuil an mharcáil CE, ar na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I de Threoir 2014/68, chun críocha iad a chur ar an margadh agus a chur i seirbhís.

25 Aithnítear in Airteagal 3(2) den Treoir sin, áfach, go bhfuil na Ballstáit i dteideal cibé ceanglais a mheasann siad a bheith riachtanach a leagan síos d'fhonn a áirithiú go bhfuil daoine agus, go háirithe, oibrithe á gcosaint agus an brú-threalamh nó an chóimeáil i dtrácht in úsáid acu, ar an gcoinníoll nach gciallódh sin go modhnófaí an brú-threalamh nó an chóimeáil sin ar bhealach nach bhfuil sonraithe sa Treoir seo. Ní mór an fhoráil sin a léiriú sa chaoi nach gcuirtear bac ar rialacháin náisiúnta lena bhforchuirtear, le linn suiteáil nó úsáid brú-threalaimh nó cóimeálacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil marcáil CE orthu, ceanglais áirithe atá dírithe ar shábháilteacht daoine a áirithiú, ar choinníoll nach ndéanann an Rialachán seo aon mhodhnú ar an trealamh ná ar na cóimeálacha sin dá bharr agus nach srian í a thoirmisctear le hAirteagail 34 agus 36 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *DIMCO Dimovasili M.I.K.E.* , C-499/20, EU:C:2022:93, míreanna 26 go 28).

26 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis os comhair na Cúirte Breithiúnais go mbaineann ordú an 25 Meitheamh 1980, sa leagan a thagann as an ordú atá faoi chonspóid, úsáid as trealamh ina n-úsáidtear cuisneáin inlasta, i ngnólachtaí atá ar oscailt don phobal, faoi réir roinnt ceanglas dá dtagraítear i mír 12 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh. Mar sin féin, leis an gcéad fhomhír d'Airteagal CH 35(3) d'ordú an 25 Meitheamh 1980, sa leagan a thagann as an ordú atá faoi chonspóid, ní chuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm maidir le trealamh a úsáideann cuisneáin inlasta ar a bhfuil an mharcáil CE, faoi réir an choinníll go ndéanfar an trealamh sin atá séalaithe go heirméiteach.

27 Níl coinníoll den sórt sin le feiceáil, áfach, ar na buncheanglais sábháilteachta a leagtar síos le Treoir 2014/68, go háirithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Mar a luaitear i míreanna 24 agus 25 sa bhreithiúnas seo, ní chumhdaítear le hAirteagal 3(2) de Threoir 2014/68 ceanglais bhreise chun críocha trealamh agus cóimeálacha ar a bhfuil an mharcáil CE a chur ar fáil ar an margadh agus a chur i seirbhís. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit na ceanglais bhreise sin a fhorchur, bíodh modhnú ar an trealamh nó na cóimeálacha lena mbaineann mar thoradh orthu nó ná bíodh.

28 Sna himthosca sin, contrártha lena bhfuil á maíomh ag Rialtas na Fraince, ní fhéadfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear "chun an trealamh sin a úsáid in áitreabh atá ar oscailt don phobal agus i bhfianaise rioscaí sonracha don tsábháilteacht ó dhóiteán", ceanglais de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos le Treoir 2014/68 a fhorchur chun an trealamh sin a chur ar fáil ar an margadh agus a chur i seirbhís. B'ionann na ceanglais náisiúnta sin agus a n-éifeachtacht a bhaint de na bearta comhchuibhithe a leagtar síos leis an treoir sin.

29 Thairis sin, is fíor go gceadaítear leis an nós imeachta coimirce, dá bhforáiltear go háirithe in Airteagal 40 agus Airteagal 41 den Treoir sin, agus a bhfuil Rialtas na Fraince ag brath air sa chomhthéacs seo, do na Ballstáit bearta a ghlacadh maidir le trealamh agus cóimeálacha ar a bhfuil an mharcáil CE, i gcás ina n-aithníonn siad trealamh nó cóimeálacha nach gcomhlíonann

forálacha infheidhme dhlí an Aontais, nó i gcás ina bhfuil bearna sna forálacha sin, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shábháilteacht daoine, trína cheangal orthu an Coimisiún a chur ar an eolas go pras ionas gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil údar leis na bearta sin. Tarlaíonn an nós imeachta sin, áfach, de réir sainmhínithe, tar éis an trealamh lena mbaineann a bheith curtha ar fáil ar an margadh agus i seirbhís, agus dá bhrí sin ní dócha go gcumhdóidh sé foráil amhail Airteagal CH 35, mír 3, an chéad mhír d'ordú an 25 Meitheamh 1980, sa leagan a thagann as an ordú atá faoi chonspóid.

30 Ar deireadh, ní mór a chur in iúl nach féidir amhras a tharraingt ar léiriú Airteagal 3(2) de Threoir 2014/68 ós rud é go leasaítear leis an ordú sin an rialacháin náisiúnta atá ann cheana chun ceanglais Rialachán Uimh. 517/2014 a chur san áireamh, lena ndéantar foráil maidir le laghdú ar úsáid hidreafluaracarbón a úsáidtear, *inter alia*, i dtrealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéal, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a laghdú, mar is léir ó mhír 27 den bhreithiúnas seo. Cé go bhforchuirtear leis an rialachán sin, de bhua Airteagal 1(b) de, coinníollacha maidir le táirgí agus trealamh áirithe ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe nó atá spleách orthu a chur ar an margadh, ní rialaítear leis dearadh, monarú agus measúnú comhréireachta an bhrú-threalaimh agus na gcóimeálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/68.

31 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tarchuireadh nach mór Airteagal 3(2) de Threoir 2014/68, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(31) agus leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de, a léiriú amhail go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear ar bhrú-threalamh agus ar chóimeálacha ina n-úsáidtear cuisneáin inlasta chun sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint ar rioscaí dóiteáin in áitreabh atá ar oscailt don phobal, ceanglais nach bhfuil i measc na gceanglas sábháilteachta a leagtar síos leis an Treoir sin, chun críocha an trealamh agus na cóimeálacha sin a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, cé go bhfuil marcáil CE ar an trealamh sin.

Costais

32 Ós rud é, sa mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2014/68, de Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh arna léamh i gcomhar d'Airteagal 2(31) agus leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de Threoir 2014/68/AE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear ar bhrú-threalamh agus ar chóimeálacha ina n-úsáidtear cuisneáin inlasta chun sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint ar rioscaí dóiteáin in áitreabh atá ar oscailt don phobal, ceanglais nach bhfuil i measc na mbuncheanglas sábháilteachta a leagtar síos leis an Treoir sin, chun an trealamh

sin a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, cé go bhfuil marcáil CE ar an trealamh sin.

Sínithe